



Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

Ráiteas Straitéise

2026-2030

*Neamhspleách
Oibiachtúil
Cuiditheach
Tiomanta don sármhaitheas*

Ábhar

Réamhrá ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	2
1. An Réamhrá	3
<i>Cad a dhéanaimid</i>	3
<i>Conas a dhéanaimid é seo</i>	3
<i>Ról an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste agus cuntasacht na parlaiminte</i>	4
<i>Ár misean</i>	4
<i>Luachanna</i>	5
2. Ár gcuispóirí straitéiseacha	6
<i>Forléargas</i>	6
<i>Tosaíocht 1</i>	7
<i>Tosaíocht 2</i>	8
<i>Cumasóirí straitéiseacha</i>	9
3. Ár rialachas agus ár dtuairisciú	13
<i>Struchtúr rialachais</i>	14
Aguisín A: Tuiscint a fháil ar ról An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste	15

Réamhrá ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste



Seamus Mac Cárthaigh

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste
Nollaig 2025

Is cúis áthais dom an ráiteas straitéise seo d'Oifig an Ard Reachtair Cuntas agus Ciste don tréimhse 2026 go 2030 a chur i láthair. Tá an straitéis beartaithe chun treochlár a chur ar fáil maidir le forbairt na hOifige sna blianta atá le teacht, chun tairbhe do shaoránaigh na hÉireann, do chomhaltaí an Oireachtais, do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh agus dár bhfoireann.

Tagann an straitéis seo chun cinn le linn tréimhse ina bhfuil coinníollacha eacnamaíocha láidre in Éirinn, ach tá éiginnteacht ann maidir le hionchais do na blianta atá le teacht de dheasca an tírdhreacha gheopholaitiúil atá ag athrú go tapa. Leanann leibhéal an mhaoinithe a shreabhann trí chomhlachtaí earnáil phoiblí na hÉireann de bheith ag méadú, agus suimeanna móra geallta chun bonneagar agus cumas teicneolaíochta a fhorbairt agus dul i ngleic leis na dúshláin fhadtéarmacha a eascraíonn as an athrú aeráide agus as treochtaí déimeagrafacha. Sa chomhthéacs sin, tá sé d'aidhm ag an Oifig dearbhú soiléir a sholáthar do na saoránaigh faoin dóigh a n úsáidtear a gcuid airgid, rannchuidiú le feabhsú leanúnach sa luach ar airgead a bhaintear amach agus a áirithiú go ndéanfar éascaíocht lena cuid oibre do chuntasacht pharlaiminteach éifeachtach agus maoirseacht ar acmhainní airgeadais poiblí.

Dearadh an straitéis seo chun a áirithiú go leanfaidh an Oifig de bheith in áit mhaith chun seirbhís iniúchóireachta éifeachtach agus ar ardchaighdeán a sholáthar do chomhlachtaí poiblí ar bhonn marthanach. Sna cúig bliana a chuimsítear leis an straitéis, leanfaidh an Oifig de thosaíocht a thabhairt do sheirbhísí gairmiúla iniúchóireachta airgeadais agus feidhmíochta ar ardchaighdeán a sholáthar agus do thionchar tairbhiúil ar ghnó poiblí a bhaint amach chun tairbhe do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh, don Oireachtas agus don phobal. Chun tacú leis na tosaíochtaí sin, leanfaidh an Oifig d'fhorbairt agus neartú a dhéanamh ar a muintir, ar a próisis, ar a caidrimh agus ar a teicneolaíocht, mar a leagtar amach sa straitéis seo.

Sa phróiseas a bhaineann leis an ráiteas straitéise seo a fhorbairt, áiríodh comhairliúchán fairsing lenár gcuid páirtithe leasmhara. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a d'fhreagair an comhairliúchán. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na sainchomhairleoirí neamhspleácha, Crowe Ireland, a d'éascaigh an próiseas a bhaineann leis an ráiteas seo a fhorbairt, lena n áirítear tabhairt faoin gcomhairliúchán rúnda leis na páirtithe leasmhara, agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis agus doiciméadacht ó phiaraí idirnáisiúnta.

Tá súil agam go n áiritheofar leis an gcur chuige sin gurb amhlaidh lenár straitéis do 2026 2030 a léireofar athruithe agus dúshláin sa tírdhreach ina bhfeidhmímid, dea chleachtas idirnáisiúnta in eagraíochtaí iniúchóireachta na hearnála poiblí agus tuairimí ár gcuid páirtithe leasmhara, lena n áirítear an Coiste um Chuntais Phoiblí, na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchadh agus ár bhfoireann.

1. An réamhrá


Cad a dhéanaimid

Tacaíonn an Oifig leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, a scrúdaíonn go neamhspleách conas a chaitear airgead poiblí.

Conas a dhéanaimid é seo


- Fíoraigh an bhfuil cuntas ceart á thabhairt ar airgead poiblí.
- Déan measúnú ar cé acu a dhéantar nó nach ndéantar bainistíocht cheart ar chaiteachas poiblí agus cé acu a sholáthraítear nó nach soláthraítear margadh maith ar an airgead do na saoránaigh leis sin.
- A mholadh conas is féidir leis an earnáil phoiblí feabhas a chur ar an ngeilleagar, ar an éifeachtúlacht agus ar an éifeachtacht, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar sheirbhísí poiblí.

Chun seo a dhéanamh go héifeachtach, tá sé tábhachtach go bhfuil ár gcuid oibre



Ról an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcuntasacht pharlaiminteach

Tacaíonn an obair seo leis an Oireachtas chun rialtas a choinneáil chun cuntas a thabhairt ar an gcaoi a gcaitear airgead poiblí.




Ár misean

Luach a chur le seirbhísí poiblí in Éirinn trí sheirbhísí iniúcháireachta ar ardchaighdeán, dírithe ar úsáid chuí agus éifeachtach acmhainní poiblí, trédhearcacht a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann agus cuntasacht phoiblí a neartú.

Luachanna

Tá ceithre bhunluach againn, atá lárnach chun a chinntiú go bhfuil ár gcuid oibre neamhspleách, go bhfuil meas ag daoine air agus go bhfuil cumhachtach aici.



Neamhspleáchas

Déanaimid ár gcuid oibre saor ó thionchair a chuireann isteach ar ár mbreithiúnas gairmiúil nó a d'fhéadfaí a mheas go gcuireann siad isteach ar ár mbreithiúnas gairmiúil.



Tiomanta don sármhaitheas

Tugaimid dea-shampla agus ár gcuid oibre uile á déanamh againn de réir na gcaighdeán is airde seirbhíse poiblí agus glacaimid na modheolaíochtaí iniúchóireachta is costéifeachtaí.



Oibiachtúil

Déanaimid iniúchóireacht de réir na gcaighdeán is infheidhme agus cinntimid go bhfuil ár dtuarascálacha cothrom agus cóir.



Cuiditheach

Téimid i ngleic lenár n-iniúchtaí ar an mbonn gur cheart go mbeadh na torthaí cuiditheach, dírithe ar ábhair thábhachtacha agus go gcuirfeadh siad fórluach leis na comhlachtaí poiblí ar a ndéanaimid iniúchóireacht.

2. Ár gcuspóirí straitéiseacha

Forléargas

Tá dhá thosaíocht straitéiseacha sainaitheanta againn a bhainfimid amach sa tréimhse a chumhdaítear leis an straitéis seo. Tá ceithre chumasóir straitéiseacha mar bhonn taca leo sin, a léiríonn an obair thrasghearrtha a dhéanfar ar fud na hOifige chun tacú leis na tosaíochtaí agus chun an eagraíocht a neartú.

Tosaíochtaí straitéiseacha

Cumasóirí straitéiseacha



Ár bhfoireann



Ár bpróisis



Ár gcaidrimh



Ár dteicneolaíocht

Tosaíocht 1


Seirbhísí iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar



Cáilíocht na hiniúchóireachta

Tosaíocht 2

Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchóireacht, don Oireachtas agus don phobal



Tionchar

Tosaíocht 1: Seirbhísí iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta gairmiúla ar ardchaighdeán a sholáthar

Forléargas

Is é ár gcuspóir seirbhísí gairmiúla iniúchóireachta airgeadais agus iniúchóireachta feidhmíochta ar ardchaighdeán a sholáthar i leith comhlachtaí poiblí, go héifeachtúil agus go tráthúil. Tá sé seo rithábachtach maidir le cuntasacht as an gcaoi a gcaitear airgead poiblí.

Spriocanna straitéiseacha

Sprioc straitéiseach	Aidhm	Toradh
Cáilíocht	Leanúint ar aghaidh ag díriú ar cháilíocht, trí phróiseas feabhsúcháin leanúnaigh	Tá muinín ag páirtithe leasmhara as ár gcuid oibre
Éifeachtúlacht	Athbhreithniú leanúnach ar ár gcur chuige iniúchóireachta, lena n-áirítear iniúchtaí a shimpliú i gcás inarb iomchuí agus úsáid na teicneolaíochta	Taispeánann muid luach ar airgead
Tráthúlacht	Tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar bhealaí chun tráthúlacht na n-aschur a fheabhsú	Níos mó iniúchtaí curtha i gcrích níos luaithe

Tosaíocht 2: Difríocht a dhéanamh do na comhlachtaí ar a ndéanaimid iniúchóireacht, don Oireachtas agus don phobal

Forléargas

Is é ár gcuispóir athchóiriú agus feabhsú na hearnála poiblí a chur chun cinn agus tionchar a imirt orthu, trí thuarascálacha tráthúla, ábhartha agus tarraingteacha.

Spriocanna straitéiseacha

Sprioc straitéiseach	Aidhm	Toradh
Clúdach leathan	Téamaí a bhfuil feidhm ghinearálta acu maidir leis an earnáil phoiblí a chur chun cinn	Cuireann ár gcuid oibre bonn eolais faoi dhearcadh trasearnála ar na seirbhísí poiblí
Ábhartha	Clár oibre atá deartha le hábharthacht ina chroílár	Bíonn tionchar ag ár gcuid oibre ar pháirtithe leasmhara
Spreagúil	Leanúint ar aghaidh ag díriú ar conas a dhéanaimid cumarsáid	Tá ár gcuid oibre soiléir agus intuigthe go héasca

Cumasóirí straitéiseacha

Tá ceithre chumasóir straitéiseacha ann, a chuimsíonn gníomhaíochtaí uile na hOifige. Cuirfidh athruithe laistigh de na cumasóirí seo le seachadadh ár straitéise.



Ár bhfoireann

Déanfaimid ár ndaoine a chumhachtú agus a spreagadh trí chultúr cuimsithe, fáis leanúnaigh agus cuspóra a chothú – rud a chuirfidh ar chumas gach duine a bheith rathúil, rannchuidiú go fóinteach, agus rath inbhuanaithe a spreagadh.

Mar gheall ar dhul chun cinn tapa teicneolaíochta, tá an fócas sa straitéis seo ar na nithe seo a leanas

- ár gcultúr atá bunaithe ar luachanna a chothabháil
- a chinntiú go bhfuil na scileanna riachtanacha ag ár ndaoine
- tacú le timpeallacht chuimsitheach ina mbainimid tairbhe as éagsúlacht ár ndaoine, agus
- a chinntiú go leanfaidh ár samhail acmhainní de bheith oiriúnach don fheidhm.




Ár bpróisis

Déanfaimid próisis shofhreagrúla, inscálaithe agus éifeachtúla a dhearadh agus a bharrfheabhsú lena gcumasófar nuálaíocht, lena gcinnteofar comhsheasmhacht i seachadadh ár seirbhísí, agus lena spreagfar barr feabhais oibríochtúil ar fud na heagraíochta.

Tá an fócas sa straitéis seo dírithe ar an méid a leanas

- córas cuimsitheach bainistíochta cáilíochta a choinneáil ar bun i gcomhréir le Bainistiú Cáilíochta ISSAI 140 le haghaidh Uasfhorais Iniúchóireachta
- próiseas iniúchóireachta níos saincheaptha a chur chun feidhme le haghaidh roinnt iniúchtaí
- feabhas leanúnach ar éifeachtúlacht na bpróiseas inmheánach, agus
- tionchar comhshaoil na hOifige a laghdú tuilleadh trí Threochlár na hOifige um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun feidhme.




Ár gcaidrimh

Cothóimid caidrimh iontaofa chomhoibríocha le páirtithe leasmhara bunaithe ar luachanna comhroinnte, trédhearcacht agus rath comhroinnte chun tionchar fadtéarmach agus athléimneacht a spreagadh.

Tá an fócas sa straitéis seo dírithe ar an méid a leanas

- caidreamh a choinneáil ar bun le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Coiste um Chuntais Phoiblí, an tOireachtas, comhlachtaí iniúchta agus bunaitheoirí caighdeán
- feabhas a chur ar ár gclár léargais iniúchóireachta
- rannchuidiú le tuairisciú agus bainistiú airgeadais an rialtais láir a nuachóiriú, agus
- leanúint de pháirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta roghnaithe.



Ár dteicneolaíocht

Déanfaimid úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí seanbhunaithe a threisiú chun nuálaíocht a spreagadh, táirgiúlacht a fheabhsú, agus oibríochtaí laistigh den Oifig a chuíchóiriú.

Tá an fócas sa straitéis seo dírithe ar an méid a leanas

- anailísíocht sonraí, intleacht shaorga agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn a úsáid ar bhealach atá idir shofhreagrúil agus tomhaiste chun a dtairbhí a uasmhéadú
- leanúint lenár dtiomantas don chibearshlándáil agus don tslándáil faisnéise
- teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar an gcaoi a ndéanaimid ár gcuid oibre a chur in iúl, agus
- córais faisnéise gnó na hOifige a fheabhsú.

3. Ár rialachas agus ár dtuairisciú

Is é an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta an tOifigeach Cuntasaíochta don Oifig agus tá sé nó sí freagrach as cistí a riar agus as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach do Dháil Éireann as caiteachas cuí cistí ag an Oifig, agus ní mór dó nó di láithriú os comhair an Choiste um Chuntais Phoiblí nuair a iarrtar air nó uirthi é sin a dhéanamh chun ceisteanna a eascraíonn as a fhreagrachtaí nó a freagrachtaí a fhreagairt.

Tuairiscíonn an Oifig go bliantúil ar a feidhmíocht trí dhá phríomhfhoilseachán. Léirítear príomhfhaisnéis feidhmíochta le tuarascáil feidhmíochta bhliantúil na hOifige. Le cuntas leithreasa na hOifige, tuairiscítear faisnéis airgeadais lena n áirítear an t olltoradh buiséid don bhliain in aghaidh an mhéid a chuireann Dáil Éireann ar fáil.

Táimid tiomanta do bheith ag feidhmiú de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde. Áirítear leis sin socruithe rialachais ardcháilíochta a bheith i bhfeidhm chun an eagraíocht agus a feidhmíocht a bhainistiú go héifeachtach.

Tá an Oifig eagraithe ina stiúrthóireachtaí a bhfuil an triúr Stiúrthóirí Iniúchóireachta i gceannas orthu bunaithe ar chlár oibre iniúchóireachta agus tuairiscithe. Laistigh de gach stiúrthóireacht, sanntar punanna oibre do roinnt rannán bunaithe ar earnálacha a oibríonn laistigh den tseirbhís phoiblí.

Tá gnó na hOifige á bhainistiú ag

- Bord Iniúchóireachta – ina bhfuil an tArd Reachtair Cuntas agus Ciste, an Rúnaí agus Stiúrthóirí na hIniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar fhorbairt agus cur chun feidhme na straitéise agus a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht oibríochtúil.
- Bord Bainistíochta – ar a bhfuil Stiúrthóirí agus Leas-Stiúrthóirí Iniúchóireachta a chomhordaíonn bainistíocht agus oibriú na hOifige.

Struchtúr Rialachais

An Bord Iniúchóireachta

Freagrach as an méid a dhéanann an oifig agus as an tionchar a bhíonn aici



Seamus Mac Cárthaigh
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An Bord Bainistíochta

Freagrach as an gcaoi a ndéanann an oifig a cuid oibre agus a héifeachtúlacht



Andy Harkness
Stiúrthóir Iniúchóireachta



Colette Drinan
Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta



Deirdre Quaid
Stiúrthóir Iniúchóireachta

Leas-Stiúrthóirí

Irena Grzebieniak
Leonard McKeown
Mary Henry
Paul Southern
Paula O'Connor

Leas-Stiúrthóirí

Georgina O'Mahony
John Crean
Mark Brady
Mitchell McIntyre

Leas-Stiúrthóirí

Orla Duane
Patricia Devlin
Ruth Foley
Shane Carton
Sinéad Foy

Aguisín A: Ról an Ard- Reachtair Cuntas agus Ciste a thuiscint

Is oifigeach bunreachtúil neamhspleách é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste arna cheapadh ag an Uachtarán ar ainmniúchán ó Dháil Éireann. Tá sé nó sí i seilbh oifige faoi Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann. Is é Seamus Mac Cárthaigh an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste reatha, a ceapadh i mí na Bealtaine 2012.

Tá an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste freagrach as rialú a dhéanamh ar scaoileadh cistí le haghaidh seirbhísí poiblí arna gceadú ag Dáil Éireann, cuntais phoiblí a iniúchadh, tabhairt faoi scrúduithe ar bhainistiú agus úsáid acmhainní poiblí agus torthaí na hoibre a thuairisciú do Dháil Éireann. I ndáil leis sin, soláthraíonn an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste dearbhú neamhspleách go n-úsáidtear cistí agus acmhainní poiblí i gcomhréir leis an dlí, go mbainistítear go héifeachtach iad agus go dtugtar cuntas ceart orthu agus go rannchuidíonn siad le feabhas a chur ar an riarachán poiblí. Cuidíonn Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Oifig) leis an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina chuid feidhmeanna reachtúla agus tá státseirbhísigh fostaithe aige.



Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Office of the Comptroller and Auditor General

3A Sráid an Mhéara Uachtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 PF72

01 863 8600

www.audit.gov.ie/ga/